Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14955/22**

**ENER 609**
**COASI 220**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Idirphlé AE-ASEAN i ndáil le Fuinneamh a bhunú thar ceann an Aontais – iarraidh ar fhormhuiniú ón gComhairle faoi shocruithe na hionstraime neamhcheangailtí<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteacha shíniú |

1. An 4 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Fhuinneamh go raibh rún aige bunú Idirphlé i ndáil le Fuinneamh a chaibidil, thar ceann an Aontais, le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) agus a Bhallstáit, d'fhonn é a shíniú, thar ceann an Aontais, le linn Chruinniú Mullaigh AE-ASEAN i mí na Nollag 2022[1].

2. An 12 Deireadh Fómhair 2022, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais maidir le hIdirphlé i ndáil Fuinneamh den sórt sin a bhunú (ST 12940/22).

3. Chuir an Coimisiún an Mheitheal ar an eolas faoi dhul chun cinn na caibidlíochta le ASEAN an 15 Samhain, agus d'fhill sé ar an gComhairle ag deireadh an phróisis caibidlíochta chun údarú a lorg ón gComhairle chun na Téarmaí Tagartha don Idirphlé seo i ndáil le Fuinneamh a fhormhuiniú thar ceann an Aontais[2].

[1] 12938/22
[2] 14724/22

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téarmaí tagartha Idirphlé AE-ASEAN i ndáil le Fuinneamh, mar a leagtar amach in 14724/22 é;
- iarraidh ar an gComhairle síniú théarmaí tagartha Idirphlé AE-ASEAN i ndáil le Fuinneamh mar a leagtar amach in 14724/22 é a údarú, faoi réir coigeartuithe beaga a d'fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh ar chaibidlíocht leis na comhpháirtithe ábhartha, ach gan aon athrú ó thaobh substainte de.